

AN CARRAIGÍN.

12

Is minic a chonaic mé bean nuair a chuireadh sí lámh síos ag iarraidh slám den charraigín, go dtiocfadh an lona fairrge isteach ina chluais. Bhí cléibhín beag déanta aice le haghaidh na húsáide. Bheadh sí dhá tharraingt ina diaidh san uisge agus í i ngreim san eiris agus í ag cur slám ann nó go mbeadh sé líonta aice. Nuair a bheadh sé líonta aice thiubhradh sí léithe é agus dhórtfadh sí ar stúcán aille é, sin aill nach dtiocfadh an taoille air go haibéil. Nuair a tiocfadh an taoille isteach agus chaithfeadh sí tabhairt suas thósóchadh sí dhá lionadh i málaí. Thiocfadh corrach nó bád, thóigfeadh sé an méad sin carraigín a bheadh aice. Más bád a bhí innte tógfadh sé ochtmhar ban agus a cuid carraigín ach más corrach a bhí innte ní fhéadfadh an fear thar triúr ban agus a gcuid carraigín a thabhairt leis. Nuair a thiochfaidís i dtír bhí asal rómpace a thiubhradh an cairraigín ar bruach. Chuiridís isteach ins na garranta é a bhí ar bhrúach an chladaigh. Sgaraidís amach í agus ní stopfadh aon fhear iad ina garrdha féin. Níor stop aon fhear ariamh lucht carraigín mar d'fásfadh féar deas indiaidh an carraigín a thóigeáil. Bhéidis mar sin nó go mbeadh an rabharta caithte. Ar a' toirt is geobhfadh sí múr báistighe d'iompóchaidís é. Níl céird ar bith amuich nach bhfuil pointe cneamhaireacht ag briseadh tríd.

Ghabhaidís ag an tráigh agus thiubhraidís an oiread seo buicéid gainimh leothab. Chraithidís os cionn an chairraigín é ag cur meadhachan ann. Ghreamóchadh sé isteach ina craiceann mar bhí, sé bealadh(an cairraigín) agus sin ní fhágfadh sé go lá a dhíolta. Nuair a thóigfidís é agus d'éinfidís coca dhe thiubhraidís abhaile é chuiridís isteach i sgioból é go mbainidís rabharta eile. Dhéanfaidís an rud céadna leis an rabharta sin. Déarfaidís annsin le na chéile "badh shiud é Diardaoin. Cuirfidimid loirg ar charr a thiubhradh é go Gaillimh." Nuair a bhí siad siúrálta den charr a fhághail thréis a mbricfeasta Dia hAoine ghabhfaidís i n-éadan an charraigín. Ar léir mar bhí congnamh ins an teach thosóchadh beirt fhear ghá sgaradh amach ar an urlár, thósóchadh fear eile ag tarraingt uisge. An chéad boicéad a chraithfeadh sé déarfadh sé "in ainm an Athar, a Mhic agus an Spiorad Naomh." Bhí fear eile ag cuir líne eile os a chionn tirim, an líne ina dhiaidh sin bhí boicéad eile uisge agus é le dhul air. Bheadh bean a tighe ag fuagháil péire súsaí leis an gcarraigín sin a chur ann, nó péire braithaillíní lín a bheadh indon ó sé clocha déag go dtí naoi gclocha déag a choinneál.

Tráthnóna Dia hAoine líonfaoi an carr carraigín sin. B'féidir go mbeadh dhá scór ag teacht in éindigh go Gaillimh an oidhche sin. D'fhágaidís an baile ag a dó dhéag san oidhche. Uair naoi háird a thiochfadh aon tseanbhean nó aon tseanfhear go Gaillimh le na chuid charraigín, ach cailíní óga agus buachaillí óga, mar ní raibh aon ghnaithe ag aon tseanbhean ná aon tseanfhear ann, mar bhí trioblóid mhór le fágháil uaidh dá chur ar áiléar ins na stóra ó d'fhágaidís sin an baile nó go dtagaidís go Gaillimh. Chloisfeá ceathramha míle ag gabhail fuinn iad agus ag casadh port.

Ní bheadh aon duine ar sriubhal ach an duine a bhí indon a dhéanta go paiteanta. Dá mbeadh duine leis nach raibh aon fhonn. Dá mbacadh duine leis nach raibh aon fonn aige bheadh duine ar chúl a chinn ag magadh faoi. Is minic a dhúisigh siad muinntir na líbeartaí dá gcuid leabthacha lé glór a gcinn agus le fuaim a dteangan. Bheidís istigh i nGaillimh shul má d'éireochadh aon teach ar maidin ann ag fáfail ag na doirse nó go n-osgláidís le lán a mbéal de bhraon taé a fhagháil. Gabhfaidís as sin go dtí an stór. Gheobhfaidís a gcuid carraigín meadhte go mailíseach mar bhí an chéad mhailís déanta acab féin – uisge agus gaineamh curtha ar dtús air, mar bhí fhios ag Tomás Ó Catháin é sin, agus ag Tomás ó Fatha agus ag Máirtín Ó Murchadha agus ag Ó Mongáin nuair a gabhaidís ag an oifig ag faghail íocaidheacht, sé an chaoi a raibh an íocaidheacht le fagháil, déirce dá chuid féin don amadán, rud ar bith a thogair siad a thabhairt dóibh, a thabhairt dóibh. Ins an am sin bhí carraigín dhá cheannach ar trí pinghinn an chloch. An carraigín a thiocfadh as Cloch na Rón agus as Cárna, agus as Arainn chuirte é sin i stór dó féin mar ní raibh uisge ná gaineamh air.

Cuirthí é sin agus carraigín Chois Fairrge trí chéile ins an ngeimhridh. Sin é an chaoi a ndíoltaoi carraigín Cois Fhairrge, mar dubhairt an sean fhocal gurbh é an ceann a dhíolans colann, agus sé carraigín Chárna, Cloch na Rón agus Arann a dhíoladh carraigín Chois Fhairrge. Chuaidh mé féin tríd. Bhain mé é, thriomuigh mé é. Chuir mé uisge air, ach níor chuireas gaineamh ariamh air. Bhí mo láimh san gcreamhaireacht chomh maith le gach duine.